Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Deireadh Fómhair 2018**
**(OR. en)**

**13097/18**

| | |
|---|---|
| **COASI 241** | **EDUC 361** |
| **ASIE 52** | **RECH 425** |
| **TRANS 447** | **CULT 117** |
| **COEST 197** | **WTO 260** |
| **ASEM 8** | **RELEX 858** |
| **ENER 326** | **OCDE 8** |
| **CYBER 231** | **CCG 33** |
| **ENV 657** | **AVIATION 132** |
| **DIGIT 199** | **FIN 793** |
| **CLIMA 181** | **FISC 420** |
| **DEVGEN 167** | **POLGEN 177** |
| **SUSTDEV 5** | **TOUR 9** |
| **ECOFIN 912** | **MIGR 152** |
| **COMPET 664** | |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 15 Deireadh Fómhair 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12720/18 |
| Ábhar: | An Eoraip agus an Áise a nascadh le chéile – Clocha coirnéil ionsar straitéis de chuid an Aontais Eorpaigh<br>- Conclúidí ón gComhairle (15 Deireadh Fómhair 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Eoraip agus an Áise a nascadh le chéile - Clocha coirnéil ionsar straitéis de chuid an Aontais Eorpaigh, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3643ú cruinniú dá cuid a reáchtáladh ar an 15 Deireadh Fómhair 2018.

## Conclúidí maidir leis an Eoraip agus an Áise a nascadh le chéile – Clocha coirnéil ionsar straitéis de chuid an Aontais Eorpaigh

Ach a mbeidh nascacht níos fearr ann, tabharfar do shaoránaigh agus do lucht gnó deiseanna nua agus rochtain ar chaighdeáin mhaireachtála feabhsaithe, idirphlé polaitiúil, agus ceangail leis an tsochaí shibhialta. Dá bhrí sin, is é leas an dá ilchríoch nasc níos fearr a bheith eatarthu óir rachaidh sin chun sochair do na daoine a bhfuil cónaí orthu iontu agus dóibh siúd a thiocfaidh inár ndiaidh. Is acmhainn don Aontas Eorpach, agus is toil leis, tuilleadh a dhéanamh i dtaca leis an nascacht, agus comhar a dhéanamh leis na tíortha comhpháirtíochta chun comhpháirtíochtaí nascachta a fhorbairt leo ina mbeadh an dá thaobh ar aon chéim. Chun na críche sin, déanfaidh an tAontas gona Bhallstáit caidreamh le comhpháirtithe san Eoraip agus san Áise.

Cuirfidh an tAontas chun cinn cur chuige inbhuanaithe cuimsitheach riailbhunaithe maidir leis an nascacht, agus luathóidh sé an infheistíocht agus an trádáil. Tugann an cur chuige Eorpach sin caoi do thíortha ardleibhéil a bhaint amach ó thaobh caighdeán maireachtála de, agus urraim do chearta an duine aonair a ráthú san am céanna. Is é margadh inmheánach an Aontais is inspreagadh dó, agus é bunaithe ar ardchaighdeáin cosanta sóisialta agus comhshaoil. Is mian leis an Aontas an cur chuige sin a fhorbairt lenár gcomhpháirtithe de mheon an chomhair agus an leasa cheachtartha.

Aithníonn an Chomhairle gurb iomaí sin dúshlán le sárú sa lá atá inniu ann go mór mór na dúshláin sin a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe agus leis an ord riailbhunaithe idirnáisiúnta agus creideann sí nach féidir dul i ngleic leis na dúshláin sin ach leis an gcomhar méadaithe. Más ea, agus ós é ar cheann de na geilleagair agus páirtithe trádála is mó ar domhan, tá ról thar a bheith riachtanach ag an Aontas mar cheannródaí don chomhar réigiúnach agus nascadh na ndaoine, bunaithe ar an urraim do dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta, an urraim do chearta an duine, lena n-áirítear cearta mionlach agus comhionannas na bhfear agus na mban, cosaint an dlí idirnáisiúnta, an t-iltaobhachas, an trédhearcacht, agus an chuntasacht.

Ós amhlaidh atá, is díol sásaimh don Chomhairle an teachtaireacht chomhpháirteach "An Eoraip agus an Áise a nascadh le chéile – Clocha coirnéil ionsar straitéis de chuid an Aontais Eorpaigh" ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún Eorpach, agus is ar an teachtaireacht sin agus ar na conclúidí seo a bhunófar an creat beartais le haghaidh chaidreamh an Aontais i réimse na nascachta idir an Eoraip agus an Áise. Cuireann an Chomhairle i bhfáth gur cheart fócas geografach leathan a bheith ag an straitéis sin, lena gcumhdaítear an Eoraip agus an Áise araon, agus gur cheart í a chomhordú leis na straitéisí agus leis na beartais atá i bhfeidhm cheana féin nó atá á n-ullmhú faoi láthair. Meabhraítear don Chomhairle freisin gur cuid dhílis de na beartais um méadú agus um chomharsanacht í an nascacht.

Meabhraítear don Chomhairle conclúidí an 17 Deireadh Fómhair 2016 maidir le beartas eachtrach agus slándála an Aontais Eorpaigh inar leagadh béim ar a riachtanaí atá sé gurbh iad na luachanna, na leasanna, na prionsabail agus na tosaíochtaí is dual do Bhallstáit an Aontais a threoródh é sa domhan achrannach nasctha casta ina mairimid, go seasfaimis le chéile, agus go mbeadh ar baineadh amach go nuige seo ina bhunchloch againn, go mór mór i dtaca leis an nascacht leis an Áise.

Aontaíonn an Chomhairle go dtig leis an nascacht an fás, margaí oscailte, an tsaorthrádáil chóir, cúrsaí fostaíochta agus infheistíochta a ghríosú. Tig leis an nascacht cuidiú leis an aistriú ionsar geilleagar íseal-astaíochta agus ascnamh a dhéanamh, dá bhrí sin, i dtreo na ngealltanas atá i gComhaontú Pháras. Ina theannta sin, cuideoidh an nascacht fheabhsaithe le tíortha an domhain clár oibre 2030 a chur chun feidhme, na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, nuáil na hearnála príobháidí a úmadh, agus samhlacha nua gnó a fhorbairt chun na críche sin. Ós amhlaidh atá, meabhraítear don Chomhairle na spriocanna a socraíodh agus na gealltanais a tugadh i gclár oibre gníomhaíochta Addis Ababa agus sa chomhdhearcadh Eorpach maidir le forbairt.

Is mian leis an gComhairle a chur i dtreis a thábhachtaí atá sé don Aontas Eorpach go gcuirfí chun cinn cur chuige inbhuanaithe, cuimsitheach, riailbhunaithe a bheidh ag teacht le luachanna agus leasanna an Aontais. Ní mór an cur chuige sin a bheith inbhuanaithe i dtaca le geilleagar, fioscachas, comhshaol, agus go sóisialta, agus a bheith oscailte agus cuimsitheach, agus ar ardchaighdeán ó thaobh trédhearcachta agus dea-rialachais de. Is ceart dó a bheith cuimsitheach agus go n-áireofaí ann cúrsaí iompair agus fuinnimh, naisc dhigiteacha, agus nasc díreach a chruthú i measc na ndaoine. Is ceart dó an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe iltaobhach a threisiú, bonneagair den scoth agus cothrom iomaíochta a sholáthar, lena n-áirítear sa soláthar poiblí. Is ceart dó rochtain chothrom a thabhairt do lucht gnó, ach cearta maoine intleachtúla á gcosaint aige san am céanna.

Bunaithe ar na prionsabail sin, is ceart don Aontas lámh a bheith aige – de réir na taithí atá aige ag brostú agus ag rialú na nascachta – i gcruthú nasc agus gréasán idir an Eoraip agus an Áise d'fhonn comhpháirtíochtaí oscailte cuimsitheach a chothú, agus cuidiú trí bhíthin ionstraimí infheistíochta an Aontais leis an bhforbairt inbhuanaithe agus le maoiniú na dtograí sin is leasmhar dúinn araon, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí.

Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé plean cumarsáide a fhorbairt, a ghabhfaidh leis an straitéis nascachta seo, ionas go bhfeice an saol mór toil pholaitiúil agus iarrachtaí an Aontais gona Bhallstáit.

Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá na prionsabail a bhaineann le nascacht inbhuanaithe i réimse an iompair. Tá an Chomhairle i bhfách leis an gcomhar ionsar an nGréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T) a cheangal le gréasáin san Áise. Tá sí i bhfách freisin leis na tionscnaimh is déanaí ón gCoimisiún maidir le nascacht leis na Balcáin Thiar agus le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, agus is dá tiomantas iad sin a chur chun feidhme gan mhoill. Is díol béime aici a riachtanaí atá sé an tslándáil iompair agus an comhar custaim a mhéadú. Tá ag géarú i gcaitheamh an ama ar ilmhódachas cúrsaí iompair ionas gurb ann anois agus feasta do dheiseanna nua lenar féidir na gréasáin iompair idir an Eoraip agus an Áise a fheabhsú agus cinn nua a fhorbairt, lena n-áirítear naisc iarnróid anoir agus aniar agus muirbhealaí úra.

Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá á dhéanamh sa chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair maidir le comhaontuithe aeriompair le comhpháirtithe san Eoraip agus san Áise, agus iarrann sí go ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn i dtaca leis sin. Leagann sí béim freisin ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí dícharbónú, go fadtéarmach, i réimse an aeriompair. I dtaca le muiriompar, is díol béime ag an gComhairle tiomantas an Aontais do shaoirse loingseoireachta, don dícharbónú, agus don mhuiriompar ghlan, agus a riachtanaí atá sé go leanfaí den infheistíocht i mbonneagar an mhuiriompair, d'iarrachtaí ar son na slándála muirí agus rialachas na n-aigéan. Tá an Chomhairle i bhfách le comhaontuithe ábhartha a shaothrú i réimse an mhuiriompair.

I dtaca leis an nascacht dhigiteach, is díol béime ag an gComhairle a thiomanta atá an tAontas go mbeadh ann idirlíon saor agus oscailte agus go mbeadh fáil inacmhainne ag cách air. Tá sí i bhfách le bearta a fheabhsóidh an chosaint a thugtar do chearta tomhaltóirí agus sonraí pearsanta, agus an chibearshlándáil, agus le bearta a laghdóidh an bhearna dhigiteach idir réigiúin mhórfhorbartha dhigiteacha agus mhionfhorbartha dhigiteacha na hEorpa agus na hÁise, lena n-áirítear trí bhíthin na straitéise dar teideal *Digital4Development*. Is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir i dtaobh an chomhaontaithe maidir le fánaíocht réigiúnach a ghlacadh.

I dtaca le nascacht fuinnimh, athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide i gcomhréir le Comhaontú Pháras, agus aghaidh a thabhairt freisin ar an aistriú atá ar siúl, agus é á thiomáint ag an margadh, i dtreo an fhuinnimh in-athnuaite, ar siocair é leis an éileamh atá ar idirnaisc leictreachais agus an comhar réigiúnach dá réir san Eoraip agus san Áise. Is mian leis an gComhairle go mbeadh na margaí fuinnimh níos comhtháite agus go ndéanfaí tuilleadh den chomhchuibhiú ar na creataí rialála le tíortha nach bhfuil san Aontas, agus go gcaomhnófaí an tslándáil fuinnimh san am céanna. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún féachaint ar bhealaí ina bhféadfadh an tAontas tuilleadh a chur leis na haidhmeanna sin.

I dtaca leis an nascacht i measc na ndaoine, is é tuairim na Comhairle gur de dhlúth agus d'inneach na straitéise an comhar idir an tAontas Eorpach agus an Áise i réimsí an oideachais, an taighde, na nuála, an chultúir, agus na turasóireachta, agus gur den riachtanas go mbeadh an dream óg páirteach sa mhéid sin. Ach na naisc a fheabhsú sna réimsí sin trí bhíthin malartuithe, tionscnaimh chomhpháirteacha agus comhpháirtíochtaí eile amhail eamhnú idir dhá chathair, beidh ann forbairt faisnéisbhunaithe níos fearr, agus tuiscint níos cuimsithí agus eolas níos fearr ar chultúir. Is fearrde freisin tuiscint agus teanntás mhuintir na hEorpa agus na hÁise ar a chéile a leithéid a bheith ann.

Tugann an Chomhairle dá haire gur mór a chuidíonn beartais an Aontais maidir le comhar um fhorbairt leis an maoiniú inbhuanaithe agus le héascú na hinfheistíochta. Is dóigh leis an gComhairle gur cheart don Aontas oibriú i gcuibhreann lena chomhpháirtithe san Eoraip agus san Áise i dtaca leis an timpeallacht rialála, le bainistiú an airgeadais phoiblí agus le slógadh na n-acmhainní intíre, agus gur cheart dó cúnamh teicniúil a chur ar fáil chun na críche sin.

D'fhonn an comhar réigiúnach, rochtain níos fearr ar an margadh, cóir iomaíochta, an trédhearcacht, maoiniú inmharthana, agus caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun cinn, agus d'fhonn idir-inoibritheacht na ngréasán a áirithiú, is dóigh leis an gComhairle gur cheart don Aontas cur leis an idirphlé atá ar siúl aige faoin nascacht idir an Eoraip agus an Áise, agus sineirgí a chruthú i ndáil leis sin, trí labhairt le gach comhpháirtí, go háirithe leis an tSín (ar bhonn an ardáin nascachta arb ann dó cheana féin idir an tAontas agus an tSín) agus leis an tSeapáin. Ina theannta sin, creideann an Chomhairle go ndéanann an comhar le ASEAN gona Bhallstáit, amhail an t-idirphlé AE-ASEAN maidir le hiompar, éascú ar thionscnaimh nithiúla nascachta idir an dá bhloc. Is ceart freisin cuid lárnach de straitéisí an Aontais maidir leis an India agus leis an Áise Láir a dhéanamh den nascacht inbhuanaithe.

Ós amhlaidh atá, iarrann an Chomhairle go neartófaí an comhar réigiúnach idir an tAontas agus an Áise. Is ceart don Aontas a mharana a dhéanamh maidir le cur chuige réigiúnach a fhorbairt i dtaca leis an nascacht inbhuanaithe d'fhonn deiseanna comhpháirtíochta a shainaithint. Is gné lárnach é an comhar réigiúnach i gcur chuige an Aontais i leith Chomhpháirtíocht an Oirthir, i leith na hÁise Láir, agus i leith an chomhair sa Mhuir Dhubh, i Muir Bhailt, agus sa Mheánmhuir, lena n-áirítear Muir Aidriad, agus is gné é sin ar féidir leis an Aontas tógáil uirthi. Ós amhlaidh atá, is díol sásaimh don Chomhairle tionscnamh na dtrí muir. Leagann an Chomhairle béim ar a luachmhaire atá an cruinniú idir an Áise agus an Eoraip (ASEM) ag a dtugtar le chéile na príomhghníomhaithe ón Áise agus ón Eoraip. Is gearr go mbeidh cruinniú mullaigh ASEM12 ar siúl; cuirfidh an tAontas chun cinn ag an gcruinniú sin an nascacht inbhuanaithe agus an comhar leis na príomh-chomhpháirtithe as an Áise.

Is léir don Chomhairle nach mór go mbeadh gníomhaíocht an Aontais gona Bhallstáit níos comhbheartaithe agus níos comhordaithe ar mhaithe leis an gcreat institiúideach idirnáisiúnta lena rialaítear an nascacht a neartú. Más iomchuí, neartóidh an tAontas a chuid comhpháirtíochtaí le comhlachtaí idirnáisiúnta, amhail ESCE, OECD, agus UNECE, agus molfaidh sé go ndéanfaí comhaontuithe idirnáisiúnta i réimse na nascachta a ghlacadh ar scála níos forleithne d'fhonn an inbhuanaitheacht, bonneagar den scoth, saorthrádáil chóir, infheistíocht, agus idir-inoibritheacht na ngréasán a chur chun cinn, más iomchuí. Ina theannta sin, is mian leis an gComhairle go ndéanfadh na heagraíochtaí idirnáisiúnta agus Eorpacha um chaighdeánú comhar níos dlúithe le chéile. Is dóigh leis an gComhairle gur cheart don Aontas a chuid comhpháirtíochtaí déthaobhacha agus réigiúnacha maidir leis an nascacht inbhuanaithe a neartú.

Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí comhar níos dlúithe idir an tAontas agus comhpháirtithe G7 agus G20 chun an nascacht inbhuanaithe agus bonneagar den scoth a chur chun cinn; is fada léi cromadh ar an obair i dteannta na Fraince le linn na huachtaránachta aici ar G7 agus leis an tSeapáin le linn na huachtaránachta aici siúd ar G20 in 2019.

Tugann sí dá haire gur le hacmhainní intíre, den chuid is mó, a mhaoinítear bonneagar na nascachta, agus aontaíonn sí gur cheart don Aontas comhar lena chomhpháirtithe a shaothrú i dtaca le slógadh acmhainní agus inbhuanaitheacht fiachais. Ba cheart don Aontas na sásraí sin dá chuid lena maoinítear an nascacht inbhuanaithe agus lena gcothaítear an infheistíocht phríobháideach agus phoiblí a neartú, i ndlúthchomhar agus ar bhonn comhordaithe leis na Ballstáit gona n-institiúidí airgeadais poiblí agus príobháideacha móide na Bainc Forbartha Iltaobhacha.

Is díol béime freisin ag an gComhairle an nasc atá idir gnéithe airgeadais na nascachta agus an leagan amach airgeadais réigiúnach agus domhanda. Tá an Chomhairle i bhfách le neart a chur leis an gcomhoibriú agus leis an gcomhordú atá ar siúl ag an Aontas le bainc forbartha iltaobhacha, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit a bhíonn páirteach iontu cheana. Ní leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus leis an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha amháin a bhaineann tábhacht ach leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, an Banc Domhanda, Banc Forbartha na hÁise, agus Banc na hÁise don Infheistiú sa Bhonneagar freisin.

Dar leis an gComhairle, ach an comhar a neartú idir institiúidí airgeadais príobháideacha agus poiblí san Eoraip agus a leithéidí céanna san Áise, gur fearrde an rialachas corparáideach agus caighdeáin iasachtaithe, rud a thabharfadh tairbhe d'iasachtóirí agus féichiúnaithe araon. Ina theannta sin, ach maoiniú inbhuanaithe a bheith ar fáil, d'fhéadfadh an méid sin a bheith ina chuidiú chun an tionchar is mó dar féidir a imirt ar an bpobal agus dul i ngleic le saincheisteanna amhail an t-athrú aeráide.

Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar na deiseanna atá ann do ghnólachtaí agus ar choinníollacha trádála, rochtain agus trédhearcacht níos fearr a bheith ann sa mhargadh, agus cóir iomaíochta a áirithiú, lena n-áirítear trí bhíthin taidhleoireacht eacnamaíoch Eorpach agus comhaontuithe trádála agus infheistíochta. Cuireann sí i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé féidearthachtaí níos fearr a shaothrú chun gur féidir le gnólachtaí nuáil a dhéanamh ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht, agus samhlacha gnó a fhorbairt chun freastal ar pé riachtanais a bhaineann le clár oibre 2030, amhail soláthar inbhuanaithe a fhorbairt nó breis úsáide a bhaint as an anailís saolré. Tabharfaidh an tAontas gach ugach chun gur móide an t-aontachas a ghabhfaidh le comhaontú ginearálta um sholáthar EDT agus leis an obair leanúnach atá á déanamh ag an Mheitheal Idirnáisiúnta maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin.

Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún luí isteach ar chur chun feidhme na dtosaíochtaí a sainaithníodh sa teachtaireacht chomhpháirteach agus sna conclúidí seo ón gComhairle, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, agus i gcomhréir le beartas an Aontais i réimsí eile. Iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí tuarascáil a chur faoina bráid go rialta maidir le cur chun feidhme na teachtaireachta comhpháirtí. Tarraingeoidh an Chomhairle anuas an cheist arís más iomchuí.